Rewarding Learning

**ADVANCED SUBSIDIARY (AS)**
**General Certificate of Education**
**2012**

# Stair

## Aonad Measúnaithe AS 1

**[AH111]**

**DÉ CÉADAOIN 6 MEITHEAMH, IARNÓIN**

**AM**

1 uair 30 nóiméad.

**TREOIR D'IARRTHÓIRÍ**

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra ar an Leabhrán Freagraí atá ar fáil.
Níl ach **rogha 5** ar fáil ar an leagan Gaeilge seo den scrúdpháipéar.
Freagair ceist **1(a)** nó **1(b)** agus ceist **2** as an **rogha agat**.
Léirigh do rogha go soiléir ar an Leabhrán Freagraí.

**EOLAS D'IARRTHÓIRÍ**

Is é 60 an marc iomlán don pháipéar seo.
Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa i gceist **1** agus i gceist **2(b)**.
Is fiosrú stairiúil é an t-aonad measúnaithe seo agus moltar d'iarrthóirí tarraingt as an ábhar cuí uile a ndearna siad staidéar air agus iad ag freagairt ceist **2(b)**.

## Rogha 5: An Ghearmáin 1918–1945

Freagair ceist **1(a)** nó **1(b) agus** ceist **2**.

**1 Ceachtar acu**

**(a)** Mínigh cad chuige ar tháinig na Naitsithe i gcumhacht sa tréimhse idir Cliseadh Sráid Wall i nDeireadh Fómhair 1929 agus ceapachán Hitler mar Sheansailéir ar 30 Eanáir 1933. [12]

**Nó**

**(b)** Mínigh an éifeacht a bhí ag polasaithe ciníocha na Naitsithe ar shaol na nGiúdach sa Ghearmáin sa tréimhse 1933–1939. [12]

**2** Léigh na foinsí agus freagair na ceisteanna a leanann.

**Deachtóireacht na Naitsithe á Cruthú, 1933-1934**

**Foinse 1**
Sliocht as óráid Hitler le Reichstag na Gearmáine, 13 Iúil 1934. Tá sé ag trácht ar a leagan féin de na himeachtaí a tharla roimh agus le linn "Oíche na Sceana Fada" ar 30 Meitheamh 1934. Craoladh an óráid chuig muintir na Gearmáine ar an raidió.

> Faoi earrach 1934 bhí fianaise mhaith scríofa ann go raibh tagairtí déanta ag lucht ceannasaíochta na dTrúipéirí Ionsaithe (SA) don ghá a bhí leis an dara réabhlóid. I bhfírinne, bhí treoracha faighte acu chun iad féin a ullmhú faoina coinne. Ó Bhealtaine 1934 amach, ní raibh aon amhras ann ach go raibh pleananna uaillmhianacha ag Röhm, Ceann Foirne an SA, don dara réabhlóid. Bhí grúpa ag teacht le chéile taobh istigh den SA agus ba é seo croílár na comhcheilge a bhí dírithe ar shlándáil an Stáit. Shocraigh mé go mbrisfinn Röhm as oifig, go gcuirfinn faoi choimeád é agus go ngabhfainn cuid eile de na ceannairí SA. Ar 1.00 am maidin 30 Meitheamh 1934, áfach, fuair mé dhá theachtaireacht phráinneacha scáfara ó Bheirlín agus ó Mhünchen faoi agóidí an SA. Bheadh bearta fuilteacha gan taise gan trua de dhíth leis an éirí amach a chosc de bheith ag leathadh. Níl ach dlí amháin ann le ceannaircí a chur faoi chois, an lámh láidir. Bíodh a fhios ag gach duine go deo na ndeor gurb é an bás atá i ndán dó má thógann sé lámh in éadan an Stáit.

**Foinse 2**
Sliocht as ráiteas a d'eisigh an Ginearál Blomberg, an tAire Cosanta, ar chruinniú Comh-aireachta. Foilsíodh é sa nuachtán Naitsíoch *The People's Observer*, 5 Iúil 1934.

> Léirigh an *Führer* cinntitheacht mhíleata agus misneach inmholta nuair a d'ionsaigh sé féin na fealltóirí agus na dúnmharfóirí agus nuair a chuir sé faoi chois iad. Déanann an t-arm pobal uilig na Gearmáine a chosaint, níl baint dá laghad aige le coimhlintí polaitíochta intíre, agus is trí dhúthracht agus trí dhílseacht a chuirfidh sé a bhuíochas in iúl.

**Foinse 3**
Sliocht le Geoff Layton, *From Second Reich to Third Reich: Germany 1918 -1945*, arna fhoilsiú in 2008.

> Bheadh sé deacair dul thar fóir maidir lena thábhachtaí a bhí "Oíche na Sceana Fada". Ní raibh ach beart fuilteach amháin de dhíth ar Hitler leis an eite chlé radacach ina Pháirtí féin agus leis an eite dheis choimeádach sa Ghearmáin thraidisiúnta a chloí. Ba léir go raibh arm na Gearmáine ar son riailréim na Naitsithe. Ba leis an eachtra seo a tháinig an SS chun cinn. Bhí eagla ar na ginearáil roimh an SA ach níor aithin siad gurbh é an SS an tsár-uirlis a bhí ag an Pháirtí le huafás a dhéanamh. Bhí Hitler i mbarr a réime anois i dtaca le polaitíocht phearsanta de. Glacadh leis na cinntí agus na gníomhartha aige agus ba ar an dóigh seo, i ndáiríre, a d'éirigh leis dúnmharú a dhlisteanú. Ní raibh aon ghéarchéim pholaitiúil ann nuair a fuair Hindenburg bás ar 2 Lúnasa 1934. Bhí Hitler in ann oifig an tSeansailéara agus oifig an Uachtaráin a thabhairt le chéile. Bhí riailréim na Naitsithe bunaithe go daingean anois agus ní raibh trácht da laghad ann ar an "dara réabhlóid".

*© From Second Reich to Third Reich: Germany, 1918-1945 by Geoff Layton, published by Hodder Murray, 2008. ISBN 0340965819*

**(a)** **Déan staidéar ar Fhoinse 1**. Cá húsáidí atá sé mar fhianaise do staraí atá i mbun staidéir ar dhearcadh Hitler ar an SA idir Eanáir 1933 agus Iúil 1934 [13]

**(b)** Na foinsí **uilig agus** do chuid eolais féin in úsáid agat, meas an fhírinne atá sa tuairim gurbh í "Oíche na Sceana Fada" an toisc ba thábhachtaí maidir le deachtóireacht na Naitsithe a chruthú idir 30 Eanáir 1933 agus 2 Lúnasa 1934. [35]

---

## SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR

---

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.